Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Rúisis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ SCRÍOFA

## 220 MARC

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Saincheisteanna teanga**

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas sa triail chluastuisceana nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Baintear úsáid as an gcomhartha suimithe [+] chun coincheapa/smaointe laistigh de fhreagra a dheighilt; bronntar marc as gach gné i sraith de … + … + … + suas go dtí an t-uasmhéid atá léirithe don cheist.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

**ROINN I Léirthuiscint [120 marc]**

Freagair ceisteanna 1, 2 agus 3.

**C.1. Léirthuiscint (50 marc) [40 + 10]**

- Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.
- San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.
- Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.
- Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.
- Bronn 2 mharc as gach sonra.

**1.i. Tabhair dhá shonra maidir leis na gairm-mhianta atá ag cairde Victor. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** innealtóir + dochtúir + dlíodóir / aturnae / abhcóide

***bronn marc amháin:*** déanann roinnt daoine a roghanna gairme féin + leanann roinnt daoine comhairle a dtuismitheoirí + shíl gach duine gurbh fhearr a rogha gairme féin ná ceann ar bith eile

***gan aon mharcanna:*** roghnaigh siad gairmeacha difriúla

**1.ii. Tabhair dhá shonra faoin gcomhairle ghairme a chuir muintir Victor air. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** (mhol) a athair an staidéar ríomhaireachta + (mhol) a mháthair an amharclannaíocht + (mhol) a sheantuismitheoirí / a sheanmháthair agus a sheanathair an eolaíocht + (mhol) a dheartháir (deartháir Victor) peil

***bronn marc amháin:*** athair + an staidéar ríomhaireachta + máthair + an amharclannaíocht + seantuismitheoirí / seanmháthair agus seanathair / máthair mhór agus athair mór + an eolaíocht + a dheartháir (deartháir Victor) + peil

***gan aon mharcanna:*** mhol siad go léir rudaí difriúla

**1.iii. Tabhair dhá shonra faoi dheartháir Victor. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** (deartháir) níos óige + sa chéad rang / bhliain ar scoil + is maith leis peil + is maith leis traenáil peile + tugann sé tacaíocht d'fhoireann peile na scoile / leanann sé foireann peile na scoile

***bronn marc amháin:*** buachaill scoile + sa chéad bhliain + is maith leis traenáil

**2.i. Tabhair dhá shonra faoi chuairt Victor ar an Institiúid liteartha. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** rinne an rúnaí / an t-oifigeach iontrála scrúdú ar a iarratas / ar a dhoiciméid + d'fhiafraigh an rúnaí / an t-oifigeach iontrála de cén iris / t-irisleabhar / nuachtán / foilseachán ina bhfuil a chuid scéalta le léamh / cén iris / t-irisleabhar inar foilsíodh a chuid scéalta + (d'fhreagair Victor) nár scríbhneoir é go fóill + bhí sé ag iarraidh freastal ar an institiúid (staidéar a dhéanamh ag an institiúid) chun a bheith ina scríbhneoir + rith sé le Victor gur ghá dó saothar a scríobh

***bronn ceithre mharc:*** mhínigh an rúnaí / an t-oifigeach iontrála nach féidir ach le daoine a bhfuil saothar / prós nó dán / scríofa acu cheana féin dul isteach san institiúid + chuir an rúnaí / an t-oifigeach iontrála in iúl dó gur gá dó saothar a scríobh sula bhféadfadh sé freastal ar an gcoláiste

***bronn marc amháin:*** alt + file + ní raibh aon ... (chineál téacs) scríofa aige + d'fhiafraigh an rúnaí / an t-oifigeach iontrála de cén iris / t-irisleabhar

***gan aon mharcanna:*** dán(ta)

**2.ii. Cén fáth a raibh Victor buartha nach mbeadh sé ábalta scéal maith a scríobh? 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** ní raibh a fhios aige cén ní a scríobhfadh sé faoi / ní raibh a dhath le scríobh aige / ní raibh taithí aige + níor oibrigh sé (áit ar bith) riamh / ní raibh post aige + níor thaistil sé áit ar bith riamh + bhí cónaí aige i Moscó i gcónaí / ar feadh a shaoil ar fad

***bronn marc amháin:*** ní dheachaigh sé áit ar bith riamh

**2.iii. Cén chomhairle a chuir a mhúinteoir air? 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** tosaigh ag obair / faigh post + déan iarratas eile (chuig an institiúid) / téigh ar ais (go dtí an institiúid) / bain triail eile i gceann bliana / an bhliain seo chugainn

***gan aon mharcanna:*** scríobh dánta

**3.i. Cén fáth ar shocraigh Victor ar dhul go dtí an Tuaisceart? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** (bhí sé ag iarraidh) scéal a scríobh faoi gheolaithe / bheadh sé furasta scéal a scríobh faoi (shaol spéisiúil) geolaithe

***bronn marc amháin:*** Bhuail Victor le geolaí a thug cuireadh dó dul in éineacht leis go dtí an Tuaisceart + oibriú mar gheolaí

**3.ii. Cén saghas daoine ab ea na geolaithe? Tabhair dhá shonra. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** spéisiúil + cróga + is breá leo a bpost / a ngairm

***gan aon mharcanna:*** cliste / éirimiúil

**3.iii. Conas a chaith Victor agus na geolaithe na tráthnónta? Tabhair dhá shonra. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** (tar éis na hoibre) (d'inis siad/ na geolaithe) na scéalta (ba) spéisiúla /ab fhearr + faoinar tharla dóibh / eachtraí le linn a saoil + chun cabhrú le Victor dea-scéal a scríobh

**4.i. Cá fhad a chaith Victor sa Tuaisceart? 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** bliain amháin

**4.ii. Cad a dúirt duine de na geolaithe le Victor agus iad ag fágáil slán ag a chéile? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** ghuigh sé rath / ádh mór air / go n-éirí leat + dúirt sé le Victor gur shíl sé / siad / gurbh eol dó / dóibh go mbeadh sé ina dhea-scríbhneoir (nó duine a scríobhfadh saothar)

**4.iii. Cén cinneadh a rinne Victor? 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** gan a bheith ina scríbhneoir + staidéar a dhéanamh ar an ngeolaíocht / chun a bheith ina gheolaí

**4.iv. Cén ceacht a d'fhoghlaim Victor? Tabhair dhá shonra? 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** gan gairm a roghnú ar an gcúis mhícheart / ní a bhfuil spéis agat ann a dhéanamh / ní a mbaineann tú sult as / a thaitníonn leat a dhéanamh + tá roinnt daoine ag iarraidh rud éigin atá faiseanta / nua-aimseartha a dhéanamh / chun bheith forásach + roghnaíonn siad gairmeacha amhail bainisteoir / speisialtóir margaíochta / ríomhchláraitheoir + téann daoine eile ar lorg clú + roghnaíonn siad a bheith ina scríbhneoirí / ina n-aisteoirí + clú / cáil / glór / rath / níl post ardnósach ar an rud is tábhachtaí + is féidir le díomá teacht as ionchais

***gan aon mharcanna:*** gan éisteacht le do thuismitheoirí + gan comhairle / moltaí daoine eile a leanúint

**Feasacht teanga**

Meaitseáil na focail, iad go léir tógtha as an gcéad roinn den téacs, le hainmneacha na ranna cainte. Cuir an uimhir chuí sa cholún clé den tábla dar teideal FOCAIL.

Bronn dhá mharc as gach freagra ceart. **5 x 2= 10**

| | |
|---|---|
| 4. forainm / местоимение | ему |
| 5. briathar / глагол | окончат |
| 1. aidiacht / имя прилагательное | школьную |
| 3. réamhfhocal / предлог | за |
| 2. ainmfhocal / имя существительное | тренировки |

**C.2 Achoimriú (40 marc)**

C.2.1. Léigh an scéal seo a leanas. Scríobh achoimre i nGaeilge, de réir na dtreoracha thíos, ar ábhar gach Roinne. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar scileanna achoimrithe, ar struchtúrú do fhreagra, agus ar do chumas eolas riachtanach a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha. ***4 x 10 = 40***

*Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS 2 mharc lánroghnacha le bronnadh ar iarrthóirí*

- *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir.*
- *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.*
- *A chuireann sonraí breise ar fáil.*
- *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha nuair a léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach go ndéanann siad earráidí faoin sonra / nuair a fhágann siad amach an sonra nó nuair atá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas iontu.*

*Níl aon mharcanna do shonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Níl aon mharcanna do shonraí atá ar fáil sa cheist.*

*Ní féidir marcanna aonair a bhronnadh as páirtsonraí ach ina leithéid de chásanna go mbeadh an páirtsonra intuigthe ag cainteoir aonteangach Gaeilge.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna as an ábhar) a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith den sonra ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (nuair a scríobhann siad, mar shampla, an iomarca focail Rúisise ina gcuid freagraí).*

*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach.*

**1. Déan cur síos ar an gcaidreamh a bhí ag an údar le Tanya.**
**Tabhair ceithre shonra.** (4 x 2) +2=10

***Príomhphointí:*** thaitin Tanya leis + bhí siad san aon rang amháin + bhí siad mór le chéile + bhí cónaí orthu san aon choimpléacs / san aon eastát/ san aon chomharsanacht / timpeall ar an aon chlós / ar an aon bhóthar / ar an aon bhloc árasáin amháin + bhíodh sé ar bís / bhíodh sé ina staic gach uair a chloiseadh sé gáire Tanya + scríobh duine éigin ar an gclár (**ní** ar an deasc, tábla) Edik + Tanya = grá + thug Tanya cuireadh dó freastal ar a cóisir bhreithlae + bhí sé ina teach roimhe sin + fuair sé a leabhar mata ar iasacht / chóipeáil sé fadhbanna mata

***Sonraí tánaisteacha:*** Deas gearr a bhí gáire Tanya + gnáthchailín a bhí in Tanya + bhí dul amú ar an údar agus é den tuairim nach raibh eolas ag duine ar bith eile go raibh nóisean aige do Tanya + níorbh eol dó cad a gheobhadh sé do Tanya mar bhronntanas breithlae

**2. Cén cruachás a gcaithfidh an t-údar dul i ngleic leis agus cad iad na réitigh atá á moladh? Tabhair ceithre shonra.** (4 x 2) +2=10

***Príomhphointí:*** níorbh eol dó cén bronntanas / féirín a gheobhadh sé do Tanya + d'iarr sé ar a mháthair comhairle a chur air + faoinar maith le mná / cailíní + dúirt a mháthair gur maith le mná fir a n-iompraíonn iad féin go maith / nach bhfolaíonn a n-irisleabhair scoile / nach gcailleann ranganna / a úsáideann folúsghlantóir / a níonn miasa / a ghlanann a ndeasc + gur maith le mná bláthanna + bhí an t-údar neirbhíseach faoi bhláthanna a fháil do Tanya + thug máthair an údair airgead dó le bronntanas a cheannach + dúirt a mháthair gur chóir dó bronntanas a thaitneodh leis féin a cheannach + dúirt a mháthair gur chóir dó fadhbanna a réiteach leis féin

***Sonraí tánaisteacha:*** shíl a mháthair gur cailín deas a bhí in Tanya + nach ionann méin do gach mac + gur maith le mná a lán nithe / nach féidir na nithe uile a thaitníonn le mná a liostú

**3. Tabhair ceithre shonra faoin turas siopadóireachta.** (4 x 2) +2=10

***Príomhphointí:*** chuaigh sé go siopaí difriúla / bhí sé ar lorg bronntanais i siopaí difriúla + shíl sé faoi áireamhán / seinnteoir meán (seinnteoir mp3, mp4) / liathróid peile / pinn a cheannach + bhí sé den tuairim go raibh Tanya rómhór le bheith ag súgradh le bábóga + ní raibh aon eolas ar bith aige ar éadaí + ní raibh sé ag iarraidh cnónna a cheannach ar eagla go mbrisfeadh Tanya fiacail dá mbarr + bhí sé ar lorg bronntanas i siopa leabhar + chinn sé "An Triúr Muscaedóirí" a cheannach + bhí grá / cairdeas / caimiléireacht i gceist sa leabhar a cheannaigh sé + bhí sé sásta leis an rud a cheannaigh sé

***Sonraí tánaisteacha:*** Is dóigh go bhfuil áireamhán / seinnteoir / pinn ag Tanya cheana féin + shíl an t-údar nach mbeadh liathróid peile de dhíth ar Tanya + ní raibh aon eolas ar bith aige ar shiopadóireacht éadaí

**4. Cén fáth a raibh imní ar an údar roimh an gcóisir lá breithe? Cad a rinne sé ar deireadh? Tabhair ceithre shonra.** (4 x 2) +2=10

***Príomhphointí:*** tháinig imní ar an údar go raibh an leabhar a cheannaigh sé do Tanya aici cheana féin + gur dóigh go bhfuil an leabhar léite ag Tanya cúpla uair cheana féin + go bhféadfadh go mbeadh an leabhar ina shuí gan léamh ar sheilf leabhar Tanya + bhí sé idir dhá chomhairle faoi bhláthanna a thabhairt di + bhí imní air fós faoi bhláthanna a thabhairt di ar eagla go lasfadh sé nó go dtiocfadh stad ina chuid cainte + bhí sé ag smaoineamh ar dtús faoi gan dul go dtí an chóisir ar chor ar bith + chinn sé dul go dtí an chóisir agus an leabhar leis + chinn sé crobhaing bláthanna a chaitheamh trí fhuinneog Tanya.

***Sonraí tánaisteacha:*** bhí sé ag iarraidh a chur i gcéill go raibh tinneas fiacaile / goile air + bíonn áthas / lúcháir ar gach bean bláthanna a fháil + bhí an ceart ag a mháthair faoi na bláthanna

**Feasacht teanga**

**C.2.2.** Briathra: Tabhair foirm an infinidigh/foirm an fhoclóra /инфинитив de na briathra seo a leanas ón téacs (5 marc) ***5 x 1 = 5***

Ná bronn aon mharcanna má aistríonn na hiarrthóirí an briathar go Gaeilge

1. учились     учиться
2. знаешь     знать
3. приду     прийти (glac leis an tseanfhoirm придти, ach ní прийдти ná прити)
4. получу     получить
5. решай     решать

**C.2.3.** Faigh cúig fhocal sa chéad roinn den téacs a bhaineann le cúrsaí scoile/oideachais agus tabhair i Rúisis iad. Glac le focail i bhfoirm ar bith (tuiseal, uimhir)

***Bronn marc amháin as gach freagra ceart.*** ***5 x 1 = 5***

Одноклассница, учиться, класс, доска, тетрадка, математика, задачка.

Ná glac le focail nach bhfuil ar áireamh sa chéad roinn.

**C.3 Struchtúrú dioscúrsa**

Léigh an t-eolas seo a leanas. Meaitseáil an cur síos (tuairisc) leis an gceannteideal cuí. Cuir isteach uimhir an cheannteidil chuí sa bhosca atá taobh leis an gcur síos (tuairisc) a ghabhann leis. **(20 marc)**

***2 mharc as gach freagra ceart*** ***10 x 2 = 20***

| | |
|---|---|
| 5 | В Норвегии лисица украла мобильный телефон и отправила с него текстовое сообщение на номер одного из приятелей владельца телефона. |
| 7 | Для тех, кто не успел отдохнуть в теплых странах летом, АиФ.ru подготовил традиционную подборку туристических направлений. Мы постарались подобрать наиболее бюджетные направления, где можно комфортно отдохнуть в этом месяце. |
| 6 | За 3 дня, невзирая на жару, ветер и дождь, колонна велосипедистов преодолела более 150 километров. Среди участников акции — те, кто неравнодушен к проблемам детей с синдромом Дауна |
| 8 | Иногда совершенно нет возможности выйти куда-то потренироваться, а в квартире не хватает места, чтобы прыгать. Тогда на помощь приходят упражнения в партере: комплекс подходит и мужчинам, и женщинам, а делать его можно дома, на дачном участке или дворовой спортплощадке. |
| 4 | Исследователи Всемирной туристской организации (UNWTO) выяснили, какие страны мира являются наименее популярными у туристов во всем мире. Согласно докладу UNWTO, туристы, посещавшие Европу, проигнорировали Исландию, Лихтенштейн, Молдавию и Сан-Марино. |
| 3 | Около 43 процентов россиян сообщили, что для них важен стиль одежды, которую они носят в отпуске. Большинство респондентов из Европы не разделяют такую точку зрения. Лишь 13 процентов шведов, 19 процентов французов и по 26 процентов итальянцев и англичан уделяют особое внимание тому, как они одеты во время отпуска. |
| 2 | Поиски 23-летнего Сагиева начались после того, как он не вышел в понедельник на работу в продуктовый магазин на территории парка, расположенного на северо-западе штата Вайоминг. В последний раз его видели разговаривающим по мобильном телефону в местной пиццерии. |
| 10 | Мария Тореро открыла в Лиме хоспис для тяжелобольных котов и кошек. В течение вот уже пяти лет женщина оказывает помощь кошкам, больным лейкемией. Сейчас у Марии 175 подопечных. |
| 9 | Многие видят в похудании панацею от всех проблем. Им кажется, что стоит сбросить пяток-другой килограммов, и сразу наладятся карьера и личная жизнь… Но на деле постройневшая талия не всегда делает нас счастливыми, утверждают эксперты из Университетского колледжа Лондона, проводившие исследование на данную тему. |
| 1 | Одно из крупнейших европейских музыкальных мероприятий с экологическим уклоном, FLOW проходит в Хельсинки ежегодно в августе. На FLOW—2014, по подсчетам организаторов, приехало около 60 тысяч человек. |

**Roinn II Gramadach, Úsáid Teanga agus Scríbhneoireacht faoi threoir [100 marc]**

**C.1. Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail atá idir lúibíní san fhoirm cheart. Tugtar na hainmfhocail, aidiachtaí agus forainmneacha go léir sna foirmeacha ainmneacha; san infinideach den ghné chuí atá na briathra. Ní bhronnfar marcanna ar fhocail nach mbeidh litrithe i gceart ná ar fhocail ionadaíocha. (30 marc)**

***DHÁ mharc as gach foirm cheart*** ***15 x 2 = 30***

***Sa cheacht seo tá freagraí ceart nó mícheart:***

- ***Ná bronn marcanna má tá an focal litrithe/athscríofa go mícheart.***
- ***Ná bronn marcanna má scríobhtar an briathar san aimsir mhícheart***

Необычный день в школе.

В День учителя мы пришли в школу пораньше, чтобы поздравить своих педагогов. А они нам и говорят / говорили / сказали, что сегодня все уроки будут вести старшеклассники! Мы удивились и даже не поверили. Но так и было! Такого необычного дня в школе у нас ещё не было. Прозвенел звонок. Школьники разошлись по кабинетам. Начались уроки. На первом же уроке физики я решил/ решал задачу и объяснил её моей соседке по парте. Посмотрев на правильно решенную задачу, старшеклассник похвалил меня и поставил 5. На уроке русского языка две девочки из десятого класса организовали у нас викторину. На математике девятиклассник Витя очень интересно объяснил нам новую тему. А на физкультуре весь восьмой класс учил нас играть в волейбол. Наша команда выиграла и нам — мне и ребятам, и девчонкам из моей команды — поставили 5.

Наши учителя в это время пили чай в учительской, но часто заглядывали к нам, потому что беспокоились о дисциплине на уроке. Но все было в порядке! Учителя были счастливы, они действительно ощутили вкус праздника. Они были поражены и довольны тем, что все ребята справились с трудностями.

А после уроков мы все пошли в актовый зал на праздничный концерт. Мне очень понравилось, как прошёл День учителя. Побольше бы таких замечательных дней!

## C.2. Feasacht chultúrtha (30 marc)

Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) i Rúisis ar **cheann amháin** de na topaicí seo a leanas. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Bronntar marcanna ar ábharthacht, ar úsáid na teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe). Tabhair teideal na haiste lena chur in iúl cé acu ceann de na haistí atá á scríobh agat.

Напишите небольшую статью **по–русски** размером 50 слов на одну из следующих тем. В свою статью включите **пять** страноведческих фактов.

1. Ceiliúrtha teaghlaigh i gCónaidhm na Rúise/ Семейные праздники в РФ
2. Teangacha i gCónaidhm na Rúise/ Языки в РФ
3. An tArd-Oideachas i gCónaidhm na Rúise/ Высшее образование в РФ
4. Spóirt Gheimhridh i gCónaidhm na Rúise/ Зимние виды спорта в РФ
5. Siopadóireacht i gCónaidhm na Rúise/ Покупки в РФ

***1. ábhar*** ***10***
***2. teanga/cumas scríofa*** ***20***
***Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh***

***1. Cumarsáid/ábhar (C)***
***Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha: cuir ábhar neamhábhartha i lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú. Ní bhronnfar aon mharcanna teanga as freagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.***
***Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as tuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach é).***
***Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).***
***Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.***

***2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.***

- ***Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 focal), marcáil cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é seo a léiriú.***
- ***Má tá an cumas scríofa thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil cumas scríofa idir 9 agus 14 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A níos ísle' chun é seo a léiriú.***

***Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.***
***Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.***
***Cuir líne faoi dhrochbhotúin.***
***Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1 NÓ – 2).***

| Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| 18-20<br>A níos ísle<br>13-14<br>E níos ísle<br>12-14 | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil réimse leathan de stór focal cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc roghnaithe.<br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 14-17<br>A níos ísle<br>11-12<br>E níos ísle<br>10-11 | Baintear úsáid as réimse maith de stór focal cuí, le mion-earráidí sa stór focal amháin. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc.<br>Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. Baintear úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| 10-13<br>A níos ísle<br>9-10<br>E níos ísle<br>7-9 | Baintear úsáid as réimse den stór focal atá leordhóthanach ach intuartha. Roinnt mórearráidí sa stór focal.<br>Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. Níor éirigh leis na hiarrachtaí ar struchtúir chasta a láimhseáil i gcónaí. |
| 6-9<br>E níos ísle<br>4-6 | Roinnt eolas bunúsach ar an stór focal ach ar bheagán éagsúlachta. Stór focal míchuí go minic le béarlachas/tionchar na Gaeilge agus focail mhíchearta go minic.<br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga ‘aistrithe’ shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-5<br>E níos ísle<br>1-3 | Eolas agus réimse stór focal an-teoranta. Focail an-bhunúsach, míchuí nó mícheart. Cuid mhaith béarlachais/tionchair na Gaeilge le brath. Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C) agus cumas scríofa (E / E níos ísle) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

| |
|---|
| C = ...<br>E / E níos ísle = ...<br>Iomlán = ... |

**C.3. Scríbhneoireacht faoi threoir (40 marc)**

Scríobh giota de phrós leanúnach **i Rúisis (140 focal)** mar fhreagra ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas.

**1. LITIR**

Scríobh litir chuig do chara pinn agus inis dó/di faoi do chuid pleananna don todhchaí.

**2. SCÉALAÍOCHT**

Scríobh scéal faoi thuras spéisiúil a ndeachaigh tú air.

**3. PLÉ**

Pléigh na difríochtaí idir na stíleanna maireachtála in Éirinn agus i gCónaidhm na Rúise.

| | |
|---|---|
| ***Cumarsáid + ábhar*** | ***15*** |
| ***Úsáid teanga + cumas scríofa*** | ***15*** |
| ***Comhleanúnachas téacsúil*** | ***10*** |

***Má fhreagraíonn iarrthóir DHÁ cheist nó NÍOS MÓ, marcáil GACH ceann agus glac leis an marc is fearr. Sa chás go bhfaigheann an t-iarrthóir lánmharcanna ar an gcéad cheist/dara ceist, ní éilítear ar an scrúdaitheoir an cheist/na ceisteanna ina dhiaidh sin a mharcáil.***

***1. Cumarsáid/ábhar (C)***

*Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 15). Bain úsáid as na litreacha (A - F) nuair a bhíonn pointí ábhair ar leith á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh na pointí ábhair iomlána ag deireadh an cheachta (C = …). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise: cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.*

*Bronn 1 mharc as gach sonra ábhair/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go bhfuil ar a laghad sonra AMHÁIN á chur ar fáil ó gach ceann de na catagóirí A – D, A – E nó A – D (E, F, G).*

***2. Cumas Scríofa (E):***

*Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.*

*Más é 7 nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 60 focal), marcáil cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é seo a léiriú.*

*Má tá an cumas scríofa iontach líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil cumas scríofa idir 7 agus 12 (7/8 + 9/10 + 11/12) agus scríobh 'A níos ísle' chun é seo a léiriú.*

*Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.*

*Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal. Cuir líne faoi dhrochbhotúin.*

*Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 2).*

| E níos ísle Ex 10 | E Ex 15 | Cumas Scríofa |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn botúin **litrithe** ann, **gramadach** ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathra; aontuithe; úsáid cheart aimsirí... |
| **4-6** | **6-10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmad **litrithe** ann. Gan mórán drochearráidí/mionearráidí iomadúla **gramadaí**: foirmeacha briathra, aimsirí, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **0 – 3** | **0 - 5** | **Stór focal** an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla. A lán dearmad **litrithe**, drochearráidí **gramadaí**: foirmeacha briathra mícheart go ginearálta, aimsirí gan a bheith ag teacht le chéile, neamhoiriúnach; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |

| A níos ísle | Cumas Scríofa |
|---|---|
| **11-12** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach.<br>Gan aon fhadhb le húsáid **aimsirí**, **gné** agus **tuisil**. Gan aon deacracht le **struchtúir chasta chomhréire. Ton** agus sainréim teanga chuí.<br>Botúin **litrithe** coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal. |
| **9-11** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Beagán struchtúir chasta chomhréire. Ton agus sainréim teanga mhíchuí. Úsáid gné agus aimsirí ceart go leor. |
| **7-8** | **Stór focal,** úsáid maith go leor agus de réir dhúchas na teanga, le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla. Cur isteach ó struchtúir chomhréire teanga na Gaeilge/an Bhéarla. Fadhbanna le haimsirí, gné agus tuisil |

**3. Comhleanúnachas téacsúil:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas téacsúil/comhtháthú (**TC**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| Marc | Comhleanúnachas téacsúil |
|---|---|
| 9-10 | Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad. |
| 7-8 | Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| 5-6 | Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamhuaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna. |
| 3-4 | Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| 1-2 | Cumas an-teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais iomlán sa struchtúr beagnach. |
| 0 | Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir na marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C), cumas scríofa (E / E níos ísle) agus comhleanúnachas téacsúil (CT) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

| |
|---|
| C = ...<br>E = …<br>TC = … |

Iomlán =

**CLUASTUISCINT (80 marc)**

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Ná bronn marcanna as eolas atá ar fáil laistigh den cheist.
- Glac le freagraí scríofa i Rúisis.
- Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra (e.g. 'iomaí ciorcail' do 'iomaíocht sorcais'.) Ná bronn aon mharcanna dá mbeadh deacracht ag cainteoir Gaeilge nach dtuigeann Rúisis cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Ghaeilge.

***Bronn dhá mharc as gach pointe ceart/ábhartha.***

**Roinn 1**
**Fógraí**

**Tabhair dhá shonra faoi gach ceann de na fógraí seo a leanas (cá mbeadh an fógra le cloisteáil, cé atá ag caint, cé air a bhfuil an fógra dírithe, cad atá san fhógra, ...)**

**1. Fógra 1**
Bainisteoir / riarthóir na hamharclainne + ar an nguthán + beidh dráma eile ar siúl inniu + tá an t-aisteoir tinn + beidh Boris Godunov ar siúl in áit Hamlet + beidh Hamlet ar siúl amárach + tá ticéid ar fáil

**2. Fógra 2**
Fógra san aerfort + an tUasal Duvalier, ar paisinéir é, + ag taisteal le Air France + ó Mhoscó go Páras + is gá dó teagmháil a dhéanamh le Air France + tá an oifig lonnaithe ar urlár na talún (glac leis an gcéad urlár) + os comhair an tsiopa Saor ó Dhleacht

**3. Fógra 3**
Turas + le treoraí turais + Pskov + an Chreimil + mainistreacha + páirceanna (galánta) + séadchomharthaí (sa chathair) + ag tosú i gceann 15 nóiméad

**4. Fógra 4**
Teachtaireacht glórphoist / teachtaireacht ar an ngléas freagartha gutháin + tá Nina ag labhairt + tá tinneas ar a máthair + is gá di cuairt a thabhairt uirthi + is gá di dul go dtí an daitse/teach samhraidh + ní féidir léi bualadh lena cara (sa chathair) + tugann sí cuireadh dá cara cuairt a thabhairt uirthi / teacht go dtí an daitse / teach samhraidh + iarrann sí ar a cara glao a chur uirthi + tugann sí a huimhir ghutháin dá cara

**5. Fógra 5**
Láithreoir teilifíse + "who wants to be a millionaire" + tá an clár thart + nuacht spóirt + tar éis na bhfógraí

## Roinn II: Fógra

**1. Tabhair trí shonra faoin ócáid a bheidh ar siúl i Moscó go luath.**

An Lártheach Ealaíontóirí + Seachtain na hÉireann i Moscó + go bliantúil / gach bliain + ón 13 Márta + go dtí an 24 Márta / i mí an Mhárta / san earrach + fuirseoireacht ar na boinn + ceol (comhaimseartha) + na taibheoirí Éireannacha is fearr + máistir-ranganna + ranganna rince Ghaelaigh + an Séú Féile Scannán Éireannach

**2. Tabhair trí shonra faoin gclár don Fhéile Scannán.**

40 scannán + scannáin nua + stiúrthóirí óga + stiúrthóirí cáiliúla + an chéad taibhiú de 8 scannán sa Rúis + gearrscannáin + scannáin ghrinn + an oíche ar fad + gach scannán i mBéarla + fotheidil sa Rúisis

**3.i. Tabhair dhá shonra faoi Éireannaigh mór le rá a bheidh ar cuairt ar an ócáid.**

Fuirseoirí / daoine grinn + stiúrthóirí scannáin + Ciarán Walsh + Dylan Moran + The Walls + Mundy + Delorento + barr na gcairteacha

**3.ii. Cad iad na húdair iontais eile atá i ndán don lucht féachana? Tabhair dhá shonra.**

Mionchuardach + Ar lorg ór na leipreachán + iontais + deochanna Éireannacha traidisiúnta + ag rince port Gaelach

## Roinn III:Agallamh

**1. Conas a tharla gur chuir Zauri faoi in Éirinn? Tabhair dhá shonra.**

Chun dul i mbun poist mar + thraenálaí sinsearach + ar an bhfoireann dornálaíochta náisiúnta + tugadh cuireadh dó agallamh a dhéanamh + d'éirigh leis san agallamh + tá cónaí air in Éirinn ó 2003 i leith

D'fhonn marcanna iomlána (4 mharc) a fháil, ní mór tagairt a dhéanamh do cheann amháin de na nithe seo a leanas i sonra amháin ar a laghad: obair, fostaíocht, dornálaíocht, traenálaí, ról, post. Sa chás nach luaitear ceann ar bith díobh sin, bronn 3 mharc ar a mhéad.

**2. Tabhair dhá shonra faoi shaol dornálaíochta Zauri.**

Tá sé ag dornáil ó bhí sé / thosaigh sé ag dornáil nuair a bhí sé / 10 mbliana d'aois + curadh na Seoirsia + bhuaigh sé comórtais idirnáisiúnta (faoi dhó) + máistir spóirt (1981 / APSS [glac le SSSR]) + buaiteoir duaiseanna in APSS (arís is arís eile)

**Bronn marc amháin:** craobh an domhain

**Roinn 3: bronn ocht marc ar a mhéad as suas le ceithre shonra ar fud an dá cheist a bhaineann le Roinn 3.**

**3.i. Tráchtann Zauri ar an dornálaíocht in Éirinn agus in Georgia. Tabhair sonra amháin.**

Carachtar den chineál céanna + tá easpa tacaíochta airgeadais ag dornálaíocht na Seoirsia / is lú tacaíocht airgeadais a fhaigheann sí ná dornálaíocht na hÉireann

**3.ii. Cad é sainchuntas an phoist atá ag Zauri? Tabhair trí shonra.**

Traenálaí sinsearach + foireann dornálaíochta na hÉireann + oibríonn sé le daoine de gach aois + traenáil theicniúil/bheartach + oibríonn sé le Katie Taylor

**4. Tráchtann Zauri ar a thír féin, Georgia. Tabhair dhá shonra.**

Is deacair dó cónaí lasmuigh den tSeoirsia + téann sé go dtí an tSeoirsia go minic + tá cónaí ar a dheirfiúr + a dheartháir + a athair sa tSeoirsia + dornálaithe ar ghnách leis iad a thraenáil 11 bhliain ó shin + páirteach i bhfoireann náisiúnta na Seoirsia

## Roinn IV
## Beathaisnéis

**1. Tabhair dhá shonra faoin tréimhse a chaith Irina Arkhipova ar scoil cheoil.**

Nuair a bhí sí 7 mbliana d'aois + sheinn sí an pianó / d'fhoghlaim sí conas an pianó a sheinm / ba phianódóir maith í + thug a múinteoirí aird uirthi + ceoltóir maith / guth galánta + líníocht / péinteáil portráidí

**2.i. Tabhair dhá shonra faoi na rudaí a rinne Irina Arkhipova díreach tar éis na scoile.**

Rinne sí iarratas chuig coláiste / institiúid ailtireachta + línigh sí portráid + fuair sí an marc 'sármhaith' / 'cúig' / grád 'A' + ligeadh isteach i gcoláiste / institiúid ailtireachta í + lean sí ar aghaidh ag ceol + cór na mac léinn + bhain sí céim amach tar éis 5 bliana

**2.ii. Tabhair sonra amháin faoin rud a shocraigh Irina Arkhipova a dhéanamh nuair a bhain sí a céim amach ón gColáiste.**

thosaigh sí ag obair + ní raibh sí in ann a chinneadh cad ba mhaith léi a dhéanamh + ailtire nó ceoltóir + d'fhreastail sí ar conservatoire + d'oibrigh sí agus rinne sí staidéar ag an am céanna

**3.i. Cén cheist a bhí ag déanamh imní d'Irina Arkhipova?**

Cad a bhí i ndán di / cad ba chóir di a dhéanamh lena saol + ceol/ceoltóir nó tógáil/tógálaí

**3.ii. Tabhair dhá shonra faoi sheanathair Irina Arkhipova.**

Chónaigh sé faoin tuath + thóg sé tithe + chan sé i gcór (mar chaitheamh aimsire) + ba bhreá leis an ceol + ba bhreá leis amhráin tíre Rúiseacha + bhí glór galánta / láidir aige + chuaigh sé go Moscó agus é 90 bliain d'aois + d'fhreastail sé ar cheoldráma den chéad uair + buaicphointe a shaoil + d'éirigh sé brónach + thuig sé cár cheart dó a shaol a chaitheamh / gur mhian leis a bheith ina cheoltóir

**4. Tabhair dhá shonra faoi fhreagairt Irina Arkhipova nuair a fuair sí amach faoi shaol a seanathar.**

Chinn sí/ rinne sí dianmhachnamh / rith sé léi / thuig sí + gur mhian léi oibriú san amharclannaíocht + a bheith ina ceoltóir + chinn sí gairm a shaothrú sa cheol

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Leathanach Bán